

D'FHOCLA GEARRA

- Ach ar glacadh leis an gcolscaradh in 1995, tosaíodh ar an mbonn a bhaint ón bpósadh agus ón teaghlach. Méadú faoina cúig atá ar an gcomhchónaí gan pósadh abhus ó bhí 1996 ann. Is leanaí tabhartha inniu iad 35% de leanaí Phoblacht na hÉireann.
- Is é togra an Reifrinn mír [i] d'Airteagal 41.3.2° a aisghairm ar fad – mír faoin spás a chaitear fanacht roimh cholscaradh a fháil; agus reachtaíocht faoi aitheantas a thabhairt do cholscarthaí ó thar lear a fhágáil faoin Oireachtas, i bhfo-fho-alt nua, 41.3.3°. Dhéanfadh sé sin spior spear d'iarraacht cheart ar na heasaontais phósta a réiteach.
- Tá sé cruthaithe ag Stáit de chuid na hEorpa gur fearr don gheilleagar na polasaithe ar son an phósta ná na polasaithe ar son an cholscartha.
- Is measa a chruthaíonn clann na lánúine colscartha - ní hamháin i gcúrsaí motháil agus caidreamh pearsanta, ach i gcúrsaí oideachais agus fostaíochta - ná a chruthaíonn clann na lánúine nach scarann ó chéile.
- Formhór na n-easaontas idir lánúin phósta, is ón teaghlach inar tógadh gach aon duine acu a eascraíonn siad.
- Tá cásanna ann arb é an t-idirscaradh, nó an neamhniú pósta féin, an freagra cuí orthu, ach is féidir formhór na n-easaontas eile a réiteach, na heasaontais ar ó theaghlach gach aon duine acu a eascraíonn siad.
- Tá lánúineacha go leor ann ar luath mar a thugann siad suas a gcuid iarreachtaí ar easaontais phósta a réiteach, mar go bhfuil sé curtha ina gceann gurb é is práinní ar fad sonas gach aon duine den lánúin a chinntiú láithreach.

CUIMHNÍMIS AR NA LEANAÍ AGUS BÍODH MEAS AR AN bPÓSADH AGAINN



VÓTÁLAIMIS NÍL

SA REIFREANN AR AN gCOLSCARADH
DÉ hAOINE, BEALTAINÉ 24, 2019

- 1 Mar seo a ghabhann Airteagal 41.3.1° de Bhunreacht na hÉireann: 'Ós ar an bPósadh atá an Teaghlach bunaithe gabhann an Stát air féin coimirce faoi leith a dhéanamh ar ord an phósta agus é a chosaint ar ionsaí.'
- 2 Is é togra an Reifrinn seo, go deimhin, mír [i] d'Airteagal 41.3.2° a aisghairm ar fad - mír faoin spás a chaitear fanacht roimh cholscaradh a fháil; agus go bhfágfadh fo-fho-alt nua, Airteagal 41.3.3°, faoin Oireachtas, reachtaíocht faoi aitheantas a thabhairt do cholscarthaí ó thar lear. Dhéanfadh sé sin spior spear d'iarraacht cheart ar na heasaontais phósta a réiteach.
- 3 Is fíor go bhfuil Poblacht na hÉireann ar cheann de na Stáit is lú colscaradh san Eoraip, ach ní minic a insítear dúinn gur méadú faoina cúig atá ar an gcomhchónaí gan pósadh i bPoblacht na hÉireann ó bhí 1996 ann; feicigí leis, Institute for Family Studies/Wheatley Institution, Global Family and Gender Survey (GFGS). Is é sin, ó tugadh an colscaradh isteach i bPoblacht na hÉireann, gur lú, de réir a chéile, an fonn a bhíonn ar dhaoine pósadh.
- 4 Tá sé cruthaithe ag Stáit de chuid na hEorpa nach iad na polasaithe ar son an cholscartha is fearr don gheilleagar, ach polasaithe ar son an phósta. Ní ceart don Stát a bheith ag iarraidh an colscaradh a éascú do lánúineacha - rud a dhéanfadh dochar dá gcuid leanaí go mór mór – ach a chinntiú go soláthrófar tithíocht fhóna, fostaíocht fhadtéarmach bhuan, cóir cheart shláinte, agus cóir chothrom oideachais, chun nach mbeidh an strus ar theaghlaigh ar minic gurb é is ciontach le heasaontas phósta, agus sa deireadh le colscaradh a lorg.
- 5 Is fíor gur measa a chruthaíonn clann na lánúine colscartha - ní hamháin ó thaobh motháil, agus caidreamh pearsanta, ach ó thaobh oideachais agus fostaíochta chomh maith - ná clann na lánúine phósta a fhanann le chéile.
- 6 Ar éigean a luadh leas na leanaí le linn na cainte ar an mBille seo um Reifreann; ní raibh ach 4 TD sa Dáil agus an Bille á rith; agus ní raibh ach cúigear Seanadóirí sa Seanad agus é á rith ansiúd.
- 7 Formhór na gcolscarthaí, ní mór an t-easaontas a bhíonn idir an fear agus an bhean. Is mór a bhíonn le fulaingt i bhfad na haimsire ag clann na lánúine colscartha nach mbíonn mórán easaontais eatarthu. Baintear an bonn go háirithe ó ghrámhaireacht agus ó thiomantas na clainne, agus ón muinín a bhíonn as an bpósadh acu, rud a mhíníonn an méadú

ollmhór atá tagtha ar líon na leanaí tabhartha - 35% de leanaí Phoblacht na hÉireann is leanaí tabhartha iad, agus 40% de leanaí Mhór- Cheantar Bhaile Átha Cliath.

- 8 Ní bhíonn saoi gan locht, agus éiríonn idir an lánúin is sonasaí. Níl de réiteach i gcásanna áirithe air ach an t-idirscaradh, nó an neamhniú pósta féin, ach formhór na bhfadhbanna as óige daoine, féadfar teacht ar thuiscint orthu, agus cabhair a fháil chun iad a réiteach.
- 9 A lán de na lánúineacha, is luath mar a thugann siad suas a gcuid iarreachtaí ar a gcuid easaontas pósta a réiteach. Is é léamh claonta na síceolaíochta ar an bpósadh is cúis leis an gcolscaradh i gcásanna go leor, is é sin, an tuairim nár cheart a bheith ag díriú ach ar shonas láithreach gach aon duine den lánúin phósta.
- 10 Tá dóchúlacht mhór ann go dteipfidh ar dhuine an dara huair, má thugann sé/sí faoi phósadh tar éis colscaradh.

Gheobhaidh sibh a thuilleadh eolais ar na hargóintí sin, ach ailt agus YouTube na ndaoine seo a leanas a cheadú: an Dr Richard Fitzgibbons, MD, síciatraí ó na Stáit Aontaithe childrenofdivorcehealing.com, maritalhealing.com go háirithe agus an Dr Patrick Fagan, síceolaí cliniciúil, agus socheolaí, ó Chromghlinn i mBaile Átha Cliath go bunúsach marrpedia.org go háirithe.

Lucht eisithe na Bileoige

ADFAM - Comhghuaillíocht Cosanta An Teaghlaigh agus An Phósta
Post Box No. 13010, Baile an Teampaill, Baile Átha Cliath 14
www.adfam.ie info@adfam.ie